COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN ALBÁIN –

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**AD 15/25**

**LIMITE**

**CONF-ALB 12**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>– Cnuasach 4: An Clár Oibre Glas agus an Nascacht Inbhuanaithe |

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta AD 10/25 CONF-ALB 9 ón Albáin)

---

**Cnuasach Caibidlíochta: 4**

**An Clár Oibre Glas agus an Nascacht Inbhuanaithe**

**Lena n-áirítear Caibidlí 14 – Beartas Iompair, 15 – Fuinneamh, 21 – Gréasáin Thras-Eorpacha, 27 – an Comhshaol agus an tAthrú Aeráide**

---

PUBLIC

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2), agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh an Albáin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

- d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 2, 3, 5, 10.16, 23, 26, 31, 38, 45, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, i seasamh AD 10/25 CONF-ALB 9 uaithi, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 4 mar atá i bhfeidhm an 16 Meitheamh 2025 agus dearbhaíonn sí go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach seachas faoi chaibidil 27, i gcás ina n-iarrann sí bearta idirthréimhseacha i réimsí cháilíocht an aeir, cháilíocht an uisce, an bhainistithe dramhaíola, na gceimiceán agus an truaillithe thionsclaíoch agus an bhainistithe a dhéantar ar rioscaí tionsclaíocha.



PUBLIC

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí na hAlbáine ar bhearta idirthréimhseacha, meabhraítear don Aontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta go bhfuil bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus go bhfuil plean ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun an *acquis* a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfar saobhadh suntasach iomaíochta a bheith mar thoradh orthu. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Albáin pleananna cur chun feidhme Treoir-shonracha/Rialachán-shonracha a ghlacadh mar chuid lárnach de sheasamh caibidlíochta na hAlbáine, agus measann sé gur réamhriachtanas é chun tuilleadh oibre a dhéanamh ar na hidirthréimhsí, go háirithe chun pleananna leanúnacha, mionsonraithe agus buiséadaithe a chur ar fáil lena n-ailíniú leis na treoracha/na rialacháin lena mbaineann. Chun gur féidir scrúdú substainteach a dhéanamh ar na hiarrataí, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé don Albáin pleananna cur chun feidhme Treoir-shonrach/rialachán-shonrach a thíolacadh ag céim luath den chaibidlíocht agus na gnéithe uile a leagtar amach thíos a áireamh iontu.

Ní dhéanann cur isteach an phlean cur chun feidhme treoir-shonrach/rialachán-shonrach sin réamhbhreith ar an seasamh ón Aontas maidir le glacadh le hiarrataí na hAlbáine ar na hidirthréimhsí a iarradh. Tugann an tAontas dá aire freisin go dtuairisceoidh an Albáin ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme na bpleananna cur chun feidhme Treoir-shonracha/Rialachán-shonracha.

**1. Caibidil 14 – Beartas Iompair**

Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí atá déanta ag an Albáin chun ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le h**iompar de bhóthar** agus leagann sé béim ar a riachtanaí atá sé tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

Tugann an tAontas dá aire nach mór don Albáin ailíniú iomlán a dhéanamh leis an Treoir Eoraifínéid[1], leis an Treoir maidir le seirbhís dola leictreonaigh na hEorpa (SDLE)[2], le taraifí agus bearta géarchéime[3], feithiclí glana[4], córas cliste iompair[5] agus leis an *acquis* a bhaineann le bonneagar breoslaí malartacha[6]. Faoi láthair, níl reachtaíocht na hAlbáine ailínithe ach go páirteach leis an reachtaíocht maidir le meáchain agus toisí[7]. Cé go bhfuil na sainmhínithe i gcomhréir leis an Treoir, níor ionchorpraíodh príomhghnéithe mar shampla ceanglais meáchain agus faid sa dlí náisiúnta go fóill.

---

[1] Treoir 1999/62/CE.
[2] Treoir (AE) 2019/520.
[3] Rialachán (CEE) Uimh. 4058/89 agus Rialachán (CEE) Uimh. 3916/90.
[4] Treoir (AE) 2019/1161.
[5] Treoir (AE) 2010/40.
[6] Rialachán (AE) Uimh. 2023/1804.
[7] Treoir 96/53/CE.

Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé tuilleadh ailínithe a dhéanamh agus pointí rochtana náisiúnta a bhunú, mar a cheanglaítear faoi *acquis* an chórais chliste iompair a bhí ann roimhe seo.

Tugann an tAontas dá aire agus is díol sásaimh dó iarrachtaí na hAlbáine ceanglais *acquis* an Aontais maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú a chomhlíonadh go hiomlán. Meabhraítear don Aontas, i réimse na gcomharthaí idirdhealaitheacha agus maidir le sábháilteacht ar bhóithre, go bhfuil an reachtaíocht fós le hailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear leis an Treoir maidir le malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre[8].

Tugann an tAontas dá aire agus is díol sásaimh dó go bhfuil an Albáin ag ailíniú leis an *acquis* a bhaineann le hoiliúint na dtiománaithe[9] agus is cúis sásaimh dó an t-ailíniú leis an *acquis* maidir le ceadúnais tiomána a tuairiscíodh[10]. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le forálacha an Aontais maidir le toise agus meáchan feithiclí[11]. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le hoibreoirí bóithre[12] agus rochtain ar an margadh tarlaithe[13]. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé an *acquis* idirnáisiúnta maidir le hiompar paisinéirí a chur chun feidhme ina iomláine[14], go háirithe maidir leis na forálacha nua a tugadh isteach le Pacáiste Soghluaisteachta I.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le forálacha sóisialta, lena n-áirítear am tiomána agus tréimhsí sosa[15] agus iarrann sé go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun cur chun feidhme iomlán a áirithiú. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin cur chun feidhme iomlán na dtacagraf a áirithiú agus an t-aistriú chuig an leagan cliste a thabhairt chun críche.

Maidir le **hiompar d'iarnród**, is díol sásaimh don Aontas na céimeanna a tugadh maidir le deighilt an bhainistithe bonneagair agus na n-oibríochtaí iarnróid, arb é bunchloch an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid é. Tathantaíonn an tAontas go gcuirfí feabhsuithe leanúnacha ar shábháilteacht iarnróid, ar an gcreat institiúideach agus ar chaighdeáin idir-inoibritheachta, chomh maith le comhar níos dlúithe leis an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA). Ina theannta sin, leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin ailíniú leis an nGréasán Eorpach Iarnróid le haghaidh lasta iomaíoch[16] agus é a chur chun feidhme agus comhtháthú níos fearr i ngréasán iompair an Aontais á áirithiú.

PUBLIC

---

[8] Treoir (AE) 2015/413.
[9] Treoir (AE) 2022/2561.
[10] Treoir 2006/126/CE.
[11] Ós rud é nach ionann luachanna áirithe d'fheithiclí tromshaothair agus na luachanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE.
[12] Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009.
[13] Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009.
[14] Rialachán (CE) Uimh. 1073 agus Rialachán (AE) Uimh. 361/2014.
[15] Rialachán (CE) Uimh. 561/2006.
[16] Treoir 2012/34/AE arna leasú le Treoir (AE) 2016/2370, agus na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha.

Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú a dhéanamh leis an **treoir maidir le hiompar comhcheangailte**[17] lena n-áirítear ailíniú iomlán le haistriú an Aontais i dtreo iompar d'iarnród agus d'uiscebhealaí.

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **cearta aerphaisinéirí** agus molann sé don Albáin tuilleadh ailínithe a dhéanamh le cearta paisinéirí maidir le bus agus cóiste, uisce-iompar agus iarnród[18], lena n-áirítear forálacha an Aontais maidir le dliteanas iompróirí, agus maidir le comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus a ngníomhaíochtaí maoirseachta a neartú.

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais i réimse **na heitlíochta** i ndáil le rochtain ar an margadh. Is díol sásaimh don Aontas ailíniú na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le táillí aerfoirt, agus láimhseáil ar an talamh. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin ailíniú leis an *acquis* maidir le sábháilteacht eitlíochta, aeradróim, foireann eitilte, ladrainn, slándáil faisnéise, seirbhísí, Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR), oibriú margaidh, torann timpeallachta, am oibre, slándáil eitlíochta, chomh maith le tuairisciú ar tharluithe agus imscrúduithe ar thionóiscí agus ar theagmhais eitlíochta. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú páirteach na hAlbáine maidir le slándáil na heitlíochta sibhialta agus leagann sé béim ar a riachtanaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí ailínithe sa réimse sin.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **hiompar muirí agus slándáil mhuirí** agus molann sé tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar a creat dlíthiúil maidir le héascú trádála, go príomha maidir le hidir-inoibritheacht, tuairisciú agus sonraíochtaí teicniúla. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le calafoirt mhuirí agus sábháilteacht mhuirí, lena n-áirítear réimsí mar shampla faireachán ar thrácht soithí an Chomhphobail, ceanglais deartha tancaer agus rialú arna dhéanamh ag an stát brataí. Molann an tAontas iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun ailíniú leis an *acquis* chun tionchair ar an gcomhshaol agus truailliú a laghdú, agus ceanglais na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus an Choiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc á gcomhlíonadh ag an am céanna.

[17] Treoir 92/106/CEE.

[18] Rialachán (AE) Uimh. 181/2011, Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/782.



PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas díliostú na hAlbáine ón 'dúliosta' de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt (Meabhrán Comhthuisceana Pháras) agus tugann sé dá aire an áit a bhfuil sí ar an 'liosta liath' faoi láthair. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin dlús a chur lena hailíniú leis an *acquis* um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt agus iarrann sé uirthi gach beart is gá a dhéanamh chun bheith rannpháirteach i Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

Molann an tAontas don Albáin ailíniú iomlán a dhéanamh leis an *acquis* maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú[19] agus an Rialachán maidir le Slándáil Long agus Saoráid Chalafoirt a Fheabhsú[20], a théann níos faide ná Bearta Éigeantacha Idirnáisiúnta an Chóid Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil aon **uiscebhealaí intíre** inseolta ag an Albáin, nach bhfuil ach loingseoireacht áineasa i lochanna acu, agus nach gcomhroinntear aon imchuach leis an Aontas, cé go bhfuil comhaontuithe iompair idirnáisiúnta i bhfeidhm do na lochanna leis an Macadóin Thuaidh agus le Montainéagró. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin ailíniú leis an *acquis* maidir le soithí, rochtain ar an margadh, poist agus scileanna agus caighdeáin chomhshaoil. Níl an *acquis* maidir le córais faisnéise tráchta abhann infheidhme maidir leis an Albáin ach amháin má tá sé beartaithe ag an tír a lochanna a chomhtháthú sna Gréasáin Thras-Eorpacha Iompair.

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé breithnithe comhshaoil a chomhtháthú san earnáil iompair agus iarrann sé ar an Albáin iad sin a áireamh le linn chéim chur chun feidhme *acquis* an Aontais i réimse an iompair.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den **éilliú i réimse an bheartais iompair a chomhrac**, trí bhearta nithiúla ar mhaithe le hionracas, cuntasacht agus trédhearcacht, lena n-áirítear i gconarthaí poiblí, ceadúnú agus ceadanna, agus cigireachtaí.

[19] Treoir (CE) 2005/65
[20] Rialachán (CE) Uimh. 725/2004



PUBLIC

**2. Caibidil 15 – Fuinneamh**

Is díol sásaimh don Aontas, a mhéid a bhaineann leis an **reachtaíocht chothrománach fuinnimh**, Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) na hAlbáine do 2021-2030, agus iarrann sé ar an Albáin bailchríoch a chur ar an athbhreithniú agus ar an nuashonrú ina leith i gcomhréir le spriocanna agus moltaí an Chomhphobail Fuinnimh 2030. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú a thuilleadh leis an Rialachán maidir le Rialachas[21] agus cuntas teiste a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme.

Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé spriocanna **éifeachtúlachta fuinnimh** 2030 an Chomhphobail Fuinnimh a ionchorprú. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin dlús a chur lena hailíniú reachtach agus institiúideach le *acquis* an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[22] agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh [23] lena n-áirítear na pionóis is gá is infheidhme. Iarrann an tAontas ar an Albáin a reachtaíocht a fhorbairt a thuilleadh trí straitéis athchóirithe fhadtéarmach a chur chun feidhme agus trí ailíniú le caighdeáin éicidhearthóireachta agus táirgí. Tugann an tAontas dá aire agus is díol sásaimh dó ailíniú na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le lipéadú fuinnimh[24], céim a rannchuidíonn le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

Is díol sásaimh don Aontas uaillmhian na hAlbáine maidir le spriocanna **fuinnimh in-athnuaite** agus leagann sé béim ar a riachtanaí atá sé bailchríoch a chur ar a hailíniú leis an *acquis* a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, go háirithe a mhéid a bhaineann le bithbhreoslaí. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé *acquis* an Aontais maidir le ceadú[25] a thabhairt chun críche chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite. Iarrann an tAontas ar an Albáin a áirithiú go mbeidh sí in ann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn[26].

Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin **slándáil an tsoláthair** gáis, leictreachais agus ola a áirithiú agus stoic leordhóthanacha a choinneáil ar bun agus tosú ar na stoic sin a chomhdhéanamh. Iarrann an tAontas ar an Albáin, maidir le gás, príomhfhorálacha a chur chun feidhme maidir leis an sásra comhroinnte ualaigh agus nósanna imeachta deimhniúcháin a chur i gcrích. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin, maidir le leictreachas, ailíniú leis an *acquis* maidir le Riosca-Ullmhacht[27]. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé ailíniú breise a dhéanamh leis an *acquis* maidir le Stoic Ola[28].

---

[21] Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999

[22] Treoir (AE) 2018/2002

[23] Treoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844. Aisghaireadh an creat dlíthiúil sin le Treoir (AE) 2024/1275 (athmhúnlú)

[24] Rialachán (AE) 2017/1369

[25] Rialachán (AE) Uimh. 2022/2577

[26] Treoir (AE) 2023/2413 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE

[27] Rialachán (AE) Uimh. 2019/941

[28] Treoir 2009/119/CE ón gComhairle



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin maidir leis an **bPacáiste um Chomhtháthú Leictreachais**[29] agus tathantaíonn sé go ndéanfaí ailíniú agus cur chun feidhme iomlán. Is díol sásaimh don Aontas díchuachadh agus deimhniú an Oibreora Córais Tarchuir agus leagann sé béim ar na céimeanna a tugadh chun margadh iomaíoch leictreachais a bhunú. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin ailíniú a dhéanamh leis an leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú, na treoirlínte maidir le cothromú leictreachais agus leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach, na treoirlínte maidir le hoibriú an chórais agus an cód gréasáin maidir le héigeandálaí agus athbhunú, agus margadh ionlae a chur chun feidhme chun comhtháthú breise a dhéanamh le córais leictreachais réigiúnacha agus an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí na hAlbáine ailíniú leis an *acquis* i dtaca leis **an margadh inmheánach don ghás**[30] agus tathantaíonn sé go ndéanfaí ceanglais agus forálacha uile an Rialachán 'REMIT', agus ceanglais Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh[31], a chur chun feidhme ina n-iomláine go háirithe. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfaíde rialacha an mhargaidh gáis nádúrtha a chur chun feidhme trí chumhachtaí an Eintitis Rialála Fuinnimh.

Aithníonn an tAontas ailíniú páirteach na hAlbáine le ***acquis*** **Euratom** maidir le **sábháilteacht agus coimircí núicléacha agus radaíochta**. Iarrann an tAontas ar an Albáin a hailíniú reachtach, institiúideach agus oibríochtúil le ceanglais Euratom a thabhairt chun críche. Áirítear leis sin a áirithiú go ndéanfar reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach uile Euratom – is infheidhme maidir le Ballstáit uile an Aontais, bíodh fuinneamh núicléach á ghiniúint acu nó ná bíodh – a chomhtháthú go leordhóthanach ina dlíthe náisiúnta. Ina theannta sin, molann an tAontas don Albáin dlús a chur lena hiarrachtaí páirt a ghlacadh i gCóras an Chomhphobail Eorpaigh don mhalartú faisnéise i gcás éigeandáil raideolaíoch (ECURIE) agus san Ardán Eorpach um Malartú Sonraí Raideolaíocha (EURDEP). Molann an tAontas don Albáin leanúint den **éilliú i réimse an bheartais fuinnimh a chomhrac**, trí bhearta nithiúla ar mhaithe le hionracas, cuntasacht agus trédhearcacht, lena n-áirítear i gconarthaí poiblí, ceadúnú agus ceadanna, agus cigireachtaí.

---

29 Treoir (AE) 2019/944, Rialachán (AE) 2019/943, Rialachán (AE) 2019/942 agus Rialachán (AE) 2019/941

30 Treoir 2009/73/CE lena n-áirítear cóid an ghréasáin gáis, Rialacháin (AE) 2017/460, Rialachán (AE) 2017/459, agus Rialachán (AE) 703/2015, Rialachán (AE) 1227/2011

31 Rialachán (AE) 2019/942



PUBLIC

**3. Caibidil 21 – Gréasáin Thras-Eorpacha**

Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin ailíniú a dhéanamh le *acquis* an Aontais maidir le **Gréasáin Fuinnimh Thras-Eorpacha (GTE-F)**. Iarrann an tAontas ar an Albáin pleanáil fhadtéarmach bonneagair a bhunú, na straitéisí is gá a chur i gcrích, imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, chun eangacha gaolmhara a fhorbairt, agus chun an tionscal agus an t-iompar a dhícharbónú chomh maith le measúnú a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta bonneagair, go háirithe maidir le tarchur leictreachais, stóráil leictreachais agus na heangacha a dhéanamh níos cliste. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar chomhlíonadh comhshaoil maidir le bonneagar a cheadú.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine leis na **Gréasáin Thras-Eorpacha Iompair (GTE-I)** agus tathantaíonn sé ar an tír ailíniú go hiomlán le *acquis* gaolmhar an Aontais ar fud na modhanna iompair uile agus é a fhorfheidhmiú go hiomlán. Tarraingíonn an tAontas aird na hAlbáine freisin ar rialachán nua GTE-I[32], a tháinig i bhfeidhm in 2024. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Albáin a creat institiúideach agus a hacmhainneacht riaracháin a neartú chun GTE-I a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh air. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin freisin tionscadail tosaíochta ghréasán GTE-I a bheidh ann amach anseo a cheapadh agus dul chun cinn leanúnach a dhéanamh chun na tionscadail maidir le Conair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar – na Meánmhara Thoir a thabhairt chun críche.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den **éilliú i réimse na nGréasán Tras-Eorpach a chomhrac**, trí bhearta nithiúla ar mhaithe le hionracas, cuntasacht agus trédhearcacht, lena n-áirítear i gconarthaí poiblí, ceadúnú agus ceadanna, agus cigireachtaí.

**4. Caibidil 27 - An Comhshaol agus an tAthrú Aeráide**

Molann an tAontas don Albáin a áirithiú go ndéanfar ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i sainiú agus i gcur chun feidhme beartas earnála eile agus go gcuirfear chun cinn forbairt atá tíosach ar acmhainní, íseal-astaíochtaí agus aeráid-díonach. Cuireann an tAontas in iúl freisin gur cheart do gach infheistíocht nua reachtaíocht náisiúnta chomhshaoil a léiriú cheana féin, i gcomhréir leis an *acquis*.

32 Rialachán (AE) 2024/1679



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an Albáin i ndáil le hailíniú le *acquis* an Aontais maidir leis an **reachtaíocht chothrománach chomhshaoil**, dá ngairtear 'an smacht reachta comhshaoil' go minic, ach cuireann sé i dtreis nach mór don Albáin feabhas substaintiúil a chur ar an ailíniú reachtach agus ar an gcur chun feidhme reachtach san earnáil sin. Cuireann an tAontas in iúl gur cheart an acmhainneacht cigireachta agus forfheidhmithe a neartú, go háirithe chun coireanna comhshaoil a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos éifeachtaí. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil gá le tuilleadh ailínithe maidir le measúnuithe comhshaoil ar phleananna, ar chláir agus ar thionscadail. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin a áirithiú go ndéanfar an Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol [33] agus an Treoir maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil [34] a ailíniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, trí mheasúnuithe tionchair cuimsitheacha a dhéanamh chun a ráthú go mbeidh glacadh pleananna agus clár poiblí ábhartha chomh maith le formheas tionscadal poiblí agus príobháideach éagsúil i gcomhréir le *acquis* an Aontais maidir le measúnuithe comhshaoil, agus go mbeidh an pobal rannpháirteach go héifeachtach i ndréachtú tionscadal agus pleananna a bhaineann leis an gcomhshaol. Chun tacú leis sin, moltar don Albáin a hacmhainneacht agus a struchtúir riaracháin a neartú, agus acmhainní suntasacha a infheistiú.

Tugann an tAontas dá aire gur cúis imní iad na leasuithe ar an dlí maidir le Limistéir faoi Chosaint (Dlí Uimh. 21/2024) agus an síneadh a cuireadh le reachtaíocht 2015 maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha toisc go n-eascraíonn turasóireacht fhairsing agus infheistíocht thionsclaíoch i limistéir faoi chosaint astu sin agus go gceadaítear leo anois gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh luachanna éiceolaíocha agus bithéagsúlachta na hAlbáine a chur i mbaol, lena n-áirítear láithreáin Natura 2000 a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a thiocfadh salach ar chaighdeáin an Aontais.

Is díol sásaimh don Aontas tiomantas na hAlbáine ailíniú le Treoir maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil faoi 2026 agus leis an Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol faoi 2027, mar aon leis an rún atá aici Plean Gníomhaíochta a ghlacadh in 2027 lena n-áirítear fothú acmhainneachta, treochlár, agus faireachán. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil sé ar intinn ag an Albáin a áirithiú faoi 2027 go gcomhlíonfar *acquis* an Aontais go hiomlán leis an infheistíocht sa bhonneagar agus na measúnuithe comhshaoil uile agus go mbeidh comhordú cuí agus meastóireacht tionchair chuí ag gabháil leo.

---

[33] Treoir 2011/92/AE, arna leasú le 2014/52/AE
[34] Treoir 2001/42/CE



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Albáin maidir le hailíniú le *acquis* Aarhus, go háirithe maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí, agus rochtain ar cheartas agus tathantaíonn sé ar an tír leanúint de na hiarrachtaí sin a dhéanamh. Cuireann sé i bhfios go láidir gurgá aird bhreise a thabhairt ar a áirithiú gur féidir leis an bpobal, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, dúshlán a thabhairt do phleananna agus iarrann sí ar an Albáin gníomhaíocht a dhéanamh go pras chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, i gcomhréir le *acquis* Aarhus. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna rochtain ar chúirteanna náisiúnta a áirithiú do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha i gcomhréir leis na caighdeáin sheanbhunaithe maidir le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, *inter alia*, in earnálacha an dúlra, cháilíocht an aeir agus an uisce, i gcás nach ann d'aon fhorálacha reachtacha tánaisteacha sainráite de chuid an Aontais, ach cásdlí amháin. Mar sin féin, tá imní ar an Aontas go bhfuil tionscadail infheistíochta bonneagair níos mó tar éis dul ar aghaidh gan próisis leordhóthanacha trédhearcachta agus chomhairliúcháin.

Leagann an tAontas béim ar ailíniú na hAlbáine le Treoir INSPIRE[35] agus iarrann sé go ndéanfaí a bonneagar sonraí spásúla a fhorbairt a thuilleadh agus a sonraí geospásúla comhshaoil a chur ar fáil agus go dtabharfaí rochtain orthu. Is díol sásaimh don Aontas freisin gur bunaíodh grúpa Idirinstitiúideach i gcoinne na coireachta comhshaoil agus leagann sé béim ar a riachtanaí atá sé go don Albáin ailíniú leis an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil[36]. Lena chois sin, cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Albáin ailíniú leis an Treoir maidir le Dliteanas Comhshaoil[37]. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin páirt ghníomhach a ghlacadh i líonraí forfheidhmithe comhshaoil an Aontais atá ann cheana de chleachtóirí comhshaoil (i.e. IMPEL, ENPE, EUFJE agus EnviCrimeNet) agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé acmhainneachtaí agus athléimneacht a neartú i leith iarrachtaí ar thionchar míchuí gníomhaithe feadh an tslabhra forfheidhmiúcháin mar shampla na breithiúna agus cigireachtaí comhshaoil. Tugann an tAontas dá aire gur bhain an Albáin tairbhe as tionscnaimh Chlár LIFE agus gur spéis léi a bheith comhlachaithe go hiomlán leis an gClár amach anseo. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé pleanáil inchreidte airgeadais a chur ar fáil chun an *acquis* a chur chun feidhme amach anseo.

---

[35] Treoir 2007/2/CE lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE).

[36] Treoir (AE) 2024/1203

[37] Treoir 2004/35/CE



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire nach mór don Albáin tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun a hailíniú le *acquis* an Aontais maidir le **cáilíocht an aeir** a neartú, lena n-áirítear tríd an gcóras faireacháin aeir a mhéadú agus a fheabhsú. Molann an tAontas don Albáin leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an *acquis* maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú agus a chur chun feidhme, an córas faireacháin atá ann cheana agus na struchtúir atá i gceannas ar bhailiú agus ar phróiseáil sonraí agus ar thuairisciú a dhéanfar don Choimisiún amach anseo a threisiú, an acmhainneacht riaracháin a neartú, agus infheistíocht a dhéanamh sna hacmhainní daonna agus sa trealamh is gá. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Albáin iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun truailliú aeir a laghdú a thuilleadh. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag an Albáin a straitéis agus a plean bainistíochta maidir le cáilíocht an aeir a uasdátú faoi 2026, faireachán a mhéadú agus samhaltú a fhorbairt faoi 2028, agus rochtain phoiblí fíor-ama ar shonraí maidir le cáilíocht an aeir a áirithiú faoi 2027. Molann an tAontas don Albáin freisin Prótacal Gothenburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin a dhaingniú roimh an aontachas.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 13 agus 19 de Threoir (AE) 2024/2881 maidir le haercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip go dtí 2036 nó ar feadh 6 bliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Iarrann an tAontas ar an Albáin athmhachnamh a dhéanamh ar an iarraidh uaithi ar Airteagal 19. Measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin ar Airteagal 13 agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Staid na himeartha i dtaca leis na monatóirí atá ar fáil;

b. Leibhéil na dtruailleán faoi láthair;

c. Uirlisí atá ar fáil faoi láthair chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí;

d. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile chun teorainnluachanna a chomhlíonadh.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagal 4 agus Iarscríbhinn II de Threoir (AE) 2016/2284 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú (Treoir NEC) go dtí 2036 nó ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Staid na himeartha i dtaca le hastaíochtaí atmaisféaracha agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair chun iad a laghdú;

b. Na deacrachtaí atá aici na spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach;

c. Na huirlisí atá ar fáil faoi láthair chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí;

d. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear teorainnluachanna a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire leibhéal maith ailínithe na hAlbáine sa mhéid a bhaineann le comhdhúile so-ghalaithe orgánacha i bpéinteanna agus a leibhéal páirteach ailínithe a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí ó chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin na Treoracha a chur chun feidhme agus acmhainní cuí airgeadais agus daonna a chur ar fáil.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagal 3 de Threoir 2009/126/CE maidir le gal pheitril Chéim II a aisghabháil agus mótarfheithiclí á n-athbhreoslú i stáisiúin pheitril agus le haghaidh Airteagal 3 mír 1, Airteagal 4, mír 1, Airteagal 5, mír 1, agus Airteagal 6, mír 1 de Threoir 94/63/CE an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí comhdhúl so-ghalaithe orgánach a bhíonn ann mar thoradh ar pheitril a stóráil agus a dháileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse go dtí 2036 nó ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú lena dhá iarraidh i réimse an *acquis* maidir le comhdhúile so-ghalaithe orgánacha. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin pleananna mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. An staid reatha agus na teicneolaíochtaí atá ar fáil le haghaidh comhdhúile so-ghalaithe orgánacha;

b. An infheistíocht is gá chun spriocanna an Aontais a bhaint amach;

c. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Albáin ailínithe ach go páirteach leis an *acquis* maidir le **bainistiú dramhaíola** agus nach mór di iarrachtaí móra a dhéanamh dul chun cinn a dhéanamh san earnáil sin, lena n-áirítear trí mheasúnú a dhéanamh ar impleachtaí comhshaoil na giniúna dramhaíola agus phróiseas na cóireála dramhaíola. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú páirteach na hAlbáine leis an Treoir Réime maidir le Dramhaíl[38], leis an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach[39], leis an Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht[40] agus le formhór *acquis* an Aontais maidir le dramhaíl. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé ailíniú leis an *acquis* maidir le plaistigh aon úsáide[41]. Tugann an tAontas dá aire freisin an *acquis* nua dramhaíola i réimsí an Loingsithe Dramhaíola[42] agus na gCeallraí[43] lena dtugtar isteach ceanglais níos déine maidir le hinbhuanaitheacht agus bainistiú dramhaíola. Molann an tAontas go gcuirfí san áireamh a thuilleadh gnéithe den gheilleagar ciorclach, go háirithe gnéithe de shaolré táirgí nach mbaineann le dramhaíl.

Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hAlbáine leibhéal comhfhogasaithe reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse an bhainistithe dramhaíola a neartú agus an córas inmheánach bainistithe dramhaíola a fheabhsú agus a neartú, lena n-áirítear oibríochtú na gníomhaireachta náisiúnta dramhaíola agus, ar an gcaoi sin, dlí nua maidir le bainistiú dramhaíola chomh maith le dlí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a ghlacadh in 2025.

---

[38] Treoir 2008/98/AE

[39] Treoir 2012/19/AE

[40] Rialachán (AE) 2025/40. Aisghairtear Treoir 94/62/CE le héifeacht ón 12 Lúnasa 2026, agus díolúintí sonracha ann mar a luaitear in Airteagal 70 den Rialachán.

[41] Treoir 2019/904/AE

[42] Rialachán (AE) 2024/1157

[43] Rialachán (AE) 2023/1542

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 11 agus 22 de Threoir Réime 2008/98/CE maidir le Dramhaíl go dtí 2036 nó ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a thíolaic an Albáin chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. An staid reatha maidir le dúshláin an bhainistithe dramhaíola, lena n-áirítear saincheisteanna bonneagair agus bailiúcháin;

b. Srianta airgeadais agus teicniúla maidir le bithdhramhaíl a bhailiú ar fud na tíre faoi 2030;

c. An phríomhinfheistíocht, lena n-áirítear réamh-mheastacháin ar chostais, atá riachtanach le haghaidh córas comhtháite bainistithe dramhaíola;

d. Straitéisí chun feasacht agus rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú;

e. An amlíne chun spriocanna *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 50 agus 52 den Rialachán maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (AE) 2025/40, go dtí 2040 nó ar feadh tréimhse 10 mbliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Rialachán-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Athchúrsáil le haghaidh príomhábhar agus costais iompair ghaolmhara;

b. An infheistíocht is gá chun *acquis* an Aontais a chomhlíonadh.

c. Forbairt Freagrachta Leathnaithe Táirgeora;

d. Luaineacht i ndramhaíl ó phacáistíocht mar gheall ar thurasóireacht;

e. Dúshláin maidir le scéim aisíoca éarlaise a chur chun feidhme agus tacú le hathchúrsáil FBManna;

f. Straitéisí chun feasacht agus rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú;

g. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 5 agus 6 de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl go dtí 2036 nó ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Dúshláin maidir le hatreorú líonta talún agus réamhchóireáil dramhaíola;

b. Tá gá le hinfheistíocht chun dramhaíl chathrach a chur i líonadh talún, a athchúrsáil agus a aisghabháil chun ceanglais *acquis* an Aontais a chomhlíonadh;

c. Acmhainneachtaí athchúrsála agus costais onnmhairiúcháin.

d. Stádas na bpleananna le haghaidh múiríniú dramhaíola glaise agus athchúrsáil dramhaíola bia;

f. Straitéisí chun feasacht agus rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú;

g. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Albáin i ndáil le *acquis* an Aontais maidir le **cáilíocht an uisce** a chomhlíonadh agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé na hacmhainní riaracháin agus airgeadais is gá a leithdháileadh chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire freisin ailíniú reachtach na hAlbáine leis an Treoir Réime maidir le hUisce. Áitíonn an tAontas go gcuirfí bailchríoch ar na Pleananna Bainistithe Abhantraí do na Ceantair Abhantraí uile, agus go n-áiritheofaí cistiú chun iad a chur chun feidhme. Tugann an tAontas dá aire freisin creat institiúideach dea-struchtúrtha na hAlbáine maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh chomh maith leis na riachtanais shuntasacha infheistíochta agus acmhainneachta sa réimse sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cloí le hardchaighdeáin cháilíochta uisce chun an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá uisce óil atá sábháilte agus glan. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin freisin ailíniú breise a dhéanamh le forálacha an *acquis* maidir le hUisce Óil[44]. Leagann an tAontas béim air nach mór pleananna a bheith i bhfeidhm ag an Albáin chun freagairt go tapa agus go héifeachtúil do thuilte. Molann an tAontas don Albáin gníomhaíocht a dhéanamh ar láithreáin snámha nach bhfuil dea-aicmithe trí bhearta cuí bainistíochta a chur chun feidhme agus, i gcás inar gá, trí thoirmisc snámha a fhorchur, i gcomhréir leis an *acquis* maidir le huisce snámha[45]. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé córas faireacháin uisce oibríochtúil a fhorbairt chun uiscí truaillithe a shainaithint agus limistéir leochaileacha ó thaobh níotráite a ainmniú.

Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Albáin ailíniú leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun í a chur chun feidhme. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin dlús a chur leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtaca leis an Treoir maidir le Screamhuisce, agus é mar aidhm ailíniú iomlán a bhaint amach, agus a hacmhainneachtaí riaracháin agus teicniúla a neartú. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar a hailíniú le *acquis* na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil[46] trí chóras faireacháin a bhunú agus acmhainneachtaí a fheabhsú.

Cuireann an tAontas i dtreis, in ainneoin dul chun cinn suntasach a bheith déanta i dtaca leis an Treoir maidir le Tuilte, nach mór don Albáin pleananna a bheith aici chun freagairt go tapa agus go héifeachtach do thuilte, mar aon le comhordú leanúnach leis an Treoir Réime maidir le hUisce, údaráis neartaithe cosanta sibhialta, agus comhairliúcháin leanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo.

44 Treoir (AE) 2020/2184
45 Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/321/AE ón gCoimisiún
46 Treoir 2008/105/CE



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 4, 8, 11, 13 agus 16 de Threoir Réime 2000/60/CE maidir le hUisce. Tugann an tAontas dá aire go sonróidh an Albáin fad na hidirthréimhse nuair a thabharfar an plean cur chun feidhme Treoir-shonrach chun críche.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Staid reatha cháilíocht an uisce agus pleananna chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an uisce;

b. An bonneagar ríthábhachtach chun cóireáil a dhéanamh ar uisce, na dúshláin dhlíthiúla agus institiúideacha a bhaineann le *acquis* an Aontais;

c. Mionsonraí maidir le sábháilteacht uisce, faireachán ar cháilíocht, agus truailleáin atá ag teacht chun cinn;

d. An infheistíocht is gá, na costais agus an amlíne le haghaidh gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha;

e. An amlíne chun spriocanna *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 3 (1), 4 (1), 5(2), 6(1) agus Airteagal 7 de Threoir 91/271/CEE maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh in 2027, go dtí 2050 nó ar feadh 20 bliain tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sular féidir leis an Aontas seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann an tAontas ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena léireofar ceanglais na Treorach athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (AE) 2024/3019 lena n-áirítear:

a. Staid reatha na saoráidí cóireála uisce atá ann cheana;

b. An infheistíocht agus na bearta fothaithe acmhainneachta chun ceanglais na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh;

c. Na príomh-gharspriocanna i dtaobh bailiú agus cóireáil fuíolluisce faoi 2040 agus 2050;

d. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 5, 14 agus Iarscríbhinn I, Codanna A agus C de Threoir (AE) 2020/2184 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine, go dtí 2040 nó ar feadh 10 mbliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú lena hiarraidh. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Staid reatha cháilíocht an uisce agus pleananna chun faireachán a dhéanamh ar an méid seo;

b. Tosaíocht infheistíochta, cistiú agus pleananna idirthréimhse lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin riaracháin, chistiúcháin agus inacmhainneachta;

c. Iarrachtaí airgeadais agus straitéisí fothaithe acmhainneachta;

d. Na garspriocanna maidir le faireachán ar cháilíocht an uisce, comhlíonadh, agus an cur chuige rioscabhunaithe faoi 2040;

e. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 3, 4, 5 agus 6 de Threoir 91/676/CEE maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr Níotráití ó Fhoinsí Talmhaíochta. Tugann an tAontas dá aire go sonróidh an Albáin fad na hidirthréimhse nuair a thabharfar an plean cur chun feidhme Treoir-shonrach chun críche.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Uiscí truaillithe nó uiscí atá i mbaol truaillithe a shainaithint agus Limistéir Leochaileacha Níotráití a ainmniú;



PUBLIC

b. Cóid cleachtais talmhaíochta dheonacha a fhorbairt agus pleananna gníomhaíochta éigeantacha d'fheirmeoirí a ghlacadh;

c. Faireachán ar cháilíocht an uisce chun truailliú níotráite a rialú agus teorainn a chur le leathadh nítrigine ó aoileach;

d. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagal 3 agus Airteagal 6 de Threoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath. Tugann an tAontas dá aire go sonróidh an Albáin fad na hidirthréimhse nuair a thabharfar an plean cur chun feidhme Treoir-shonrach chun críche.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Critéir chun measúnú a dhéanamh ar stádas screamhuisce (an amlíne chun caighdeáin cháilíochta screamhuisce a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais agus chun luachanna tairsí náisiúnta a bhunú agus a chur i bhfeidhm).

b. Treochtaí móra marthanacha aníos i dtiúchain truailleán i ndobharlaigh screamhuisce atá i mbaol a shainaithint agus pointí tosaigh le haghaidh cúluithe treochtaí a shainiú.

c. Bearta chun ionchur truailleán i screamhuisce a chosc nó a theorannú.

d. Tacú leis an bpróiseas tréithrithe, teorannaithe agus measúnaithe stádais ar leibhéal an dobharlaigh screamhuisce

e. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun na pleananna a leagtar amach in Airteagal 7 de Threoir 2007/60/CE maidir le Measúnú agus Bainistiú Rioscaí Tuilte a chur chun feidhme ina n-iomláine. Tugann an tAontas dá aire go sonróidh an Albáin fad na hidirthréimhse nuair a thabharfar an plean cur chun feidhme Treoir-shonrach chun críche.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Léarscáileanna Guaise agus Riosca Tuilte atá ar feitheamh a chur i gcrích;

b. Bailchríoch a chur ar phleananna le haghaidh limistéir riosca tuilte agus pleananna le haghaidh abhantracha a fhormheas;

c. Na pleananna go léir a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, ós rud é nach bhfuil ach ceann amháin idir lámha faoi láthair;

d. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a thabhairt isteach de réir a chéile, lena n-áirítear chun fodhlíthe a fhorbairt chun riosca tuilte a bhainistiú.

Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá **cosaint an dúlra** chun bithéagsúlacht na hEorpa a chosaint. Tathantaíonn an tAontas go ndéanfaí ailíniú leis an *acquis* maidir le hÉin Fhiáine[47] agus Gnáthóga[48] agus tathantaíonn sé faireachán éifeachtach, bailiú sonraí, agus freagrachtaí soiléire údaráis, lena n-áirítear ar leibhéal an bhardais. Ní mór don Albáin an t-ailíniú leis na hoibleagáidí uile faoi na Treoracha sin a chur i gcrích agus dlús a chur leis an gcur chun feidhme. Cuireann an tAontas in iúl gur cúis mhór imní dó go gceadaítear leis an Dlí leasaithe maidir le Limistéir faoi Chosaint tionscadail bhonneagair a d'fhéadfadh an bhithéagsúlacht agus láithreáin Natura 2000 a chur i mbaol agus tathantaíonn sé ar an Albáin gníomhaíocht a dhéanamh láithreach chun an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a thabhairt i gcomhréir le *acquis* an Aontais maidir le cosaint an dúlra. Tathantaíonn an tAontas freisin go ndéanfaí ailíniú le caighdeáin an Aontais maidir le caomhnú an dúlra. Molann an tAontas don Albáin measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtionscadal bonneagair le caighdeáin an Aontais maidir leis an mbithéagsúlacht agus le cosaint an dúlra sula gceadófar dóibh dul ar aghaidh. Iarrann an tAontas ar an Albáin a próisis a neartú maidir le zúnna a cheadúnú, cigireacht a dhéanamh orthu, agus zúnna neamhchomhlíontacha a dhúnadh agus feabhas a chur ar ailíniú le Rialachán CITES[49] trí bhorradh a chur faoin bhfaireachán agus faoin bhforfheidhmiú. Molann an tAontas don Albáin ailíniú a thuilleadh leis na Rialacháin maidir le rochtain agus comhroinnt an tsochair[50], maidir le hAdhmad[51], agus maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT)[52], leis an Rialachán maidir le Táirgí gan Dífhoraoisiú[53], an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra[54] agus le spriocanna an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta.

---

47 Treoir 2009/147/CE
48 Treoir 92/43/CEE
49 Rialachán (CE) Uimh. 338/97
50 Rialachán (AE) Uimh. 511/2014
51 Rialachán (AE) Uimh. 995/2010
52 Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005
53 Rialachán (AE) 2023/1115
54 Rialachán (AE) 2024/1991



PUBLIC

Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé teorainn a chur le tionchar **na gceimiceán** ar an gcomhshaol. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha[55] agus níos mó acmhainní a leithdháileadh ar mhaithe le cigireacht agus forfheidhmiú. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé REACH[56] a ailíniú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí acmhainní cigireachta a neartú, chomh maith le Rialachán PIC[57], an Treoir maidir le hAispeist[58] agus an Rialachán maidir le Mearcair[59]. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin bailchríoch a chur ar a hailíniú leis an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú[60]. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin ailíniú leis an Treoir maidir le Turgnaimh Ainmhithe agus aird ar leith á tabhairt ar na sainmhínithe atá inti. Cuireann an tAontas i dtreis freisin gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun ailíniú le Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, go háirithe maidir le cigireacht agus forfheidhmiú.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán Airteagail 26, 29, 33, 34, 43, 89(2-3), 94 (1), 95 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid, go dtí suas le 12 mhí tar éis dháta an aontachais leis an Aontas.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula mbeidh an tAontas in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin agus iarrann sé ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Rialachán-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear:

a. Clárú táirgí bithicídeacha a chomhlíonadh

b. Comhroinnt sonraí

c. Aitheantas frithpháirteach agus údaruithe

d. An amlíne chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é a thabhairt isteach de réir a chéile

---

55 Rialachán (AE) Uimh. 528/2012
56 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006
57 Rialachán (AE) Uimh. 649/2012
58 Treoir 2009/148/CE
59 Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008
60 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil leibhéal íseal ailínithe ag an Albáin le reachtaíocht an Aontais maidir le **truailliú tionsclaíoch agus bainistiú riosca**. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin iarrachtaí a neartú chun ailíniú leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus an Rialachán maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (PRTR Eorpach), iad a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú chun teacht ar chur chuige lán-chomhtháite agus chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an athbhreithniú ar an dá ghníomh. Iarrann an tAontas ar an Albáin na bearta is gá a dhéanamh chun *acquis* Seveso a chur chun feidhme go comhsheasmhach. Tathantaíonn an tAontas freisin go rachfaí i mbun ailínithe go pras i dtaobh aispeist, go háirithe maidir le scartáil foirgneamh agus bainistiú dramhaíola. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin a áirithiú go n-úsáidfidh sí éicilipéad an Aontais tar éis an aontachais in áit an lipéid atá in úsáid faoi láthair aici. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an tír dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici maidir le EMAS, ag tacú le cuideachtaí an scéim a ghlacadh agus feachtais chumarsáide a chur ar bun.

an tAontas dá aire gur iarr an Albáin idirthréimhse chun díolúine a fháil ó chur chun feidhme iomlán roinnt Airteagal a áirítear i gCaibidlí II, III agus V de Threoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ar feadh [10] mbliana tar éis dháta an aontachais leis an Aontas. Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh sin i réimse an truaillithe thionsclaíoch. Mar sin féin, measann an tAontas go mbeidh gá le faisnéis níos mionsonraithe sula bhféadfaidh an tAontas seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Ní mór an iarraidh sin a mheas freisin le haghaidh Threoir (AE) 2024/1785 lena leasaítear an Treoir thuasluaite agus a bheidh infheidhme ó 2026 ar aghaidh. Iarrann an tAontas ar an Albáin plean mionsonraithe cur chun feidhme Treoir-shonrach a chur ar fáil lena n-áirítear an méid seo a leanas:

a. Staid reatha leibhéil na n-astaíochtaí tionsclaíocha;

b. Córais faireacháin, tuairiscithe agus cheadaithe a bhunú le haghaidh suiteálacha tionsclaíocha;

c. Plean chun gléasraí tionsclaíocha a thabhairt i gcomhréir iomlán le ceanglais na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, lena n-áirítear costais réamh-mheasta;

d. Straitéis chun réitigh TIFAF a ghlacadh;

e. An infheistíocht is gá chun spriocanna *acquis* an Aontais a bhaint amach;

f. *Acquis* an Aontais a thabhairt isteach de réir a chéile agus an amlíne chun é a chur chun feidhme.


PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine leis an Treoir a bhaineann le **Torann**. Tathantaíonn an tAontas ar an Albáin a chinneadh cé na bóithre, na hiarnróid, na haerfoirt agus na ceirtleáin atá faoi raon feidhme na Treorach agus léarscáileanna straitéiseacha torainn agus pleananna gníomhaíochta torainn a ullmhú dá réir. Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht na hAlbáine i Sásra an Aontais um **Chosaint Shibhialta** (SACS). Molann an tAontas go leanfaí d'fheabhas a chur ar a córas cosanta sibhialta. Iarrann an tAontas ar an Albáin a córas náisiúnta cumarsáide éigeandála a nascadh leis an gComhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála.

Maidir leis an athrú aeráide, cuireann an tAontas i dtreis gur gá don Albáin dlús a chur lena hailíniú reachtach le *acquis* aeráide an Aontais atá teoranta faoi láthair. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ó ghlac an Albáin Dlí **Aeráide** agus plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Albáin iarrachtaí a fhorbairt chun córas náisiúnta a chur chun feidhme a thuilleadh chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais tuairiscithe faoin Rialachán maidir le Rialachas. Iarrann an tAontas ar an Albáin straitéis fhadtéarmach a ghlacadh a mbeidh cuspóir aeráidneodrachta le haghaidh 2050 ag baint léi.

Molann an tAontas don Albáin ailíniú a thuilleadh leis an *acquis* ábhartha maidir le cáilíocht bhreosla, go háirithe maidir le cumaisc bhithbhreosla agus ola gháis a úsáidtear in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Iarrann an tAontas ar an Albáin ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le Substaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin agus Gáis Fluairínithe.

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé don Albáin dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), go háirithe maidir le reachtaíocht an Aontais maidir le faireachán, tuairisciú, fíorú agus creidiúnú[61] a bhunú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar iompar muirí[62]. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór don Albáin ailíniú freisin le reachtaíocht thánaisteach CTA AE, lena n-áirítear an reachtaíocht a bhaineann le Clárlann an Aontais, leithdháileadh saor in aisce, ceantáil, agus earnáil na loingseoireachta.

[61] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 arna leasú

[62] Rialachán (AE) 2015/757

Cuireann an tAontas i dtreis freisin nach mór don Albáin ailíniú le SCCT agus na hacmhainneachtaí is gá a fhorbairt ina riarachán custaim agus iarrann sé ar an tír tús a chur leis an ullmhúchán.

Cuireann an tAontas i dtreis gur gá iarracht bhreise a dhéanamh i réimse na hÚsáide Talún, an Athraithe ar Úsáid Talún, agus na Foraoiseachta (ÚTAÚTF). Cuireann an tAontas i dtreis nach bhfuiltear ag ailíniú le caighdeáin CO2 do ghluaisteáin, veaineanna agus feithiclí tromshaothair agus iarrann sé ar an Albáin na córais iomchuí faireacháin agus tuairiscithe a chur ar bun[63].

Iarrann an tAontas ar an Albáin tús a chur lena machnamh ar chóras ceadaithe Gabhála agus Stórála Carbóin a d’fhéadfadh a bheith ann agus ar na hoibleagáidí atá ar chuideachtaí ola agus gáis acmhainneacht stórála a chistiú faoi 2030.

Iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint **den éilliú a chomhrac i réimse an chomhshaoil**, trí bhearta nithiúla ar mhaithe le hionracas, cuntasacht agus trédhearcacht, lena n-áirítear i gconarthaí poiblí, ceadúnú agus ceadanna, agus cigireachtaí.

* * *

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na hAlbáine, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Albáin na tagarmharcanna eatramhacha maidir le Cnuasach 1, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Albáin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus gan dochar d’aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do Chnuasach 4, nach bhféadfar clabhsúr sealadach a chur orthu sin go dtí go gcomhaontóidh an tAontas gur comhlíonadh na tagarmharcanna seo a leanas:

[63] De réir Rialachán (AE) 2019/631 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 le haghaidh gluaisteán agus feithiclí tráchtála éadroma agus Rialachán (AE) 2019/1242 le haghaidh feithiclí tromshaothair



PUBLIC

**Caibidil 14 – Beartas Iompair**

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* an Aontais maidir le muirearú bóithre agus dolaí.

- Rinne an Albáin ailíniú le ceanglais *acquis* an Aontais maidir le hiompar earraí contúirteacha, le *acquis* sóisialta maidir le hiompar de bhóthar, le rialacha maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar agus le toisí agus meáchain le haghaidh cineálacha áirithe feithiclí earraí troma, chomh maith leis an Treoir maidir le Tástáil Ródacmhainneachta[64] agus leis an Treoir maidir leis na Doiciméid Chlárúcháin le haghaidh Feithiclí[65].

- Tá an Albáin ailínithe leis an gCóras Cliste Iompair san iompar de bhóthar agus d'iarnród agus chuir sí tús lena chur chun feidhme.

- D'áirithigh an Albáin go bhfuil comhlacht rialála iarnróid atá inniúil, neamhspleách agus éifeachtach, údarás náisiúnta sábháilteachta agus comhlacht náisiúnta imscrúdaithe ann atá ag feidhmiú go hiomlán. D'áirithigh an Albáin ailíniú le *acquis* sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid an Aontais.

- Tá an Albáin ailínithe leis an *acquis* maidir le bainistiú aerthráchta, oibríochtaí aeir agus tuairisciú ar tharluithe agus imscrúduithe ar thionóiscí agus ar theagmhais eitlíochta.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* an Aontais maidir le sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus rinne sí na bearta is gá ionas nach mbeidh sí ar an liosta liath a thuilleadh.

- Tá an Albáin ailínithe leis an *acquis* maidir le cearta paisinéirí i ngach modh iompair agus d'áirithigh sí an ról a bheadh ag na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe tráth an aontachais.

64 Treoir 2014/45/AE
65 Treoir 1999/37/CE



PUBLIC

**Caibidil 15 – Fuinneamh**

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Mhargaidh Inmheánaigh Fuinnimh, go háirithe leis an bPacáiste maidir le Comhtháthú Leictreachais

- Rinne an Albáin a reachtaíocht a ailíniú leis an *acquis* maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite, lena n-áirítear reachtaíocht cur chun feidhme, agus tá dul chun cinn déanta aici maidir lena gcur chun feidhme.

- Rinne an Albáin a reachtaíocht a ailíniú le reachtaíocht an Aontais maidir le stoic ola éigeandála, agus leis an Rialachán maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais[66], lena n-áirítear údarás inniúil a ainmniú chun stoic fuinnimh a bhainistiú, agus tá tús curtha aici lena stoc féin.

**Caibidil 21 – Gréasáin Thras-Eorpacha**

- Rinne an Albáin a creat dlíthiúil a ailíniú le Rialachán GTE-F[67].

- Tháinig an Albáin ar chomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach, tar éis comhairliúcháin chuí, maidir le tionscadail tosaíochta ghréasán GTE-F a bheidh ann amach anseo. Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le Rialachán GTE-F[68] agus tá go leor dul chun cinn leordhóthanach déanta aici chun na tionscadail maidir le Conair Iompair Eorpach na mBalcán Thiar – na Meánmhara Thoir a thabhairt chun críche.

- Áirithíonn an Albáin acmhainneacht institiúideach agus riaracháin leordhóthanach leis an ardchaighdeáin ionracais is gá chun tabhairt faoi freagrachtaí an *acquis* sa chaibidil seo.

---

66 Treoir 2009/119/CE agus Rialachán (AE) 2019/941
67 Rialachán (AE) 2022/869
68 Rialachán (AE) 2024/1679



PUBLIC

**Caibidil 27 - An Comhshaol agus an tAthrú Aeráide**

- Rinne an Albáin a reachtaíocht a ailíniú leis an *acquis* cothrománach comhshaoil[69] agus tá dul chun cinn nithiúil déanta aici i dtaobh cur chun feidhme agus forfheidhmiú sa réimse sin, lena n-áirítear le haghaidh measúnú tionchair (an Treoir maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus an Treoir maidir le Measúnú Comhshaoil Straitéiseach), go háirithe le haghaidh infheistíocht sa bhonneagar agus á áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le rannpháirtíocht phoiblí, comhairliúcháin trasteorann agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil. Tá sé léirithe ag an Albáin go mbeidh sí réidh chun an reachtaíocht chothrománach a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach faoi dháta an aontachais. Áirithíonn an Albáin go gcomhlíonann a bonneagar náisiúnta sonraí spásúla Treoir INSPIRE.

- Tá an Albáin ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le coireanna comhshaoil agus tá dul chun cinn nithiúil déanta aici i dtaobh coireacht chomhshaoil, mar shampla coireanna fiadhúlra agus meathlú gnáthóg, loingsiú neamhdhleathach nó dumpáil neamhdhleathach dramhaíola, coireanna truaillithe agus trádáil neamhdhleathach substaintí guaiseacha.

- Leanann an Albáin de bheith ag ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais maidir le cáilíocht an aeir[70] agus truailleáin áirithe san aer[71]. Tuairiscíonn sí astaíochtaí gach bliain, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta[72], ghlac sé Clár Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir agus tá anailís curtha i láthair aici ar straitéisí costéifeachtacha rialaithe astaíochtaí le haghaidh 2030. Leanann an Albáin de bhearta a dhéanamh chun cáilíocht an aeir a fheabhsú, go háirithe i réimsí ina sáraítear teorainnluachanna an Aontais agus trí phleananna maidir le cáilíocht an aeir a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta, mar a bheartaítear leis an Treoir maidir le hAercháilíocht Chomhthimpeallach[73].

---

69 Treoir 2011/92/AE ón gComhairle arna leasú le Treoir 2014/52/AE, Treoir 2001/42/CE, Treoir 2003/4/CE, Treoir 2003/35/CE, Treoir 2004/35/CE, Treoir (AE) 2024/1203, Treoir 2007/2/CE

70 Treoir (AE) 2024/2881

71 Treoir 2016/2284/AE

72 Treoir 2016/2284/AE

73 Treoir (AE) 2024/2881

- Leanann an Albáin de bheith ag ailíniú le *acquis* dramhaíola ábhartha an Aontais, agus ord na réiteach dramhaíola á urramú aici agus tiomnaíonn sí cistiú iomchuí don infheistíocht sa bhonneagar. Bunaíonn an Albáin cláir chun dramhaíl a chosc, ullmhaíonn sí pleananna bainistithe dramhaíola – idir náisiúnta agus réigiúnach – lena n-áirítear faisnéis maidir le gach sruth dramhaíola agus na réitigh atá ann chun iad a bhainistiú, lena n-áirítear cineál agus acmhainneacht an bhonneagair bainistithe dramhaíola, scéimeanna bailithe ar leithligh agus uirlisí eacnamaíocha. Leanann an Albáin de bheith ag ailíniú le *acquis* an Aontais in earnáil an uisce agus forbraíonn sí pleananna bainistíochta abhantraí le haghaidh gach ceantair abhantraí atá go hiomlán laistigh dá críoch, lena n-áirítear na codanna de cheantair abhantraí idirnáisiúnta atá laistigh dá críoch, agus áirithíonn sí go bhfuil an bunús dlí agus na sásraí chun na pleananna sin a chomhordú go hidirnáisiúnta i bhfeidhm. Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin leis an reachtaíocht maidir le huisce óil agus leanann sí de bheith ag ailíniú leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

- Leanann an Albáin de bheith ag ailíniú le *acquis* an Aontais i réimse chosaint an dúlra[74], lena n-áirítear trí na forálacha neamh-chomhoiriúnacha a achtaíodh trí leasuithe ar an dlí maidir le Limistéir faoi Chosaint (Dlí Uimh. 21/2024) a aisghairm agus trí reachtaíocht 2015 maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha a fhoirceannadh. Chuir an Albáin liosta na láithreán Natura 2000 atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin, lena gcumhdaítear go leordhóthanach na cineálacha gnáthóg agus na speicis i gcomhréir le ceanglais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga. D'áirithigh an Albáin go bhfuil sé d'acmhainn aici líonra Natura 2000 a bhainistiú, lena n-áirítear trí stádas cosanta iomchuí a dheonú do limistéir ainmnithe agus trí na bearta caomhnúcháin is gá a chur chun feidhme go héifeachtach chun iad a chaomhnú agus a fheabhsú. Tá sé léirithe ag an Albáin go mbeidh sí go hiomlán ullamh a áirithiú go ndéanfar ceanglais *acquis* an Aontais maidir le cosaint an dúlra a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar dháta an aontachais.

---

74 Rialachán (AE) 2024/1991, Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014, Treoir 1999/22/CE ón gComhairle, Treoir 2010/63/AE, Treoir 2009/147/CE, Treoir 92/43/CEE ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 511/2014, Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009, Rialachán (CEE) Uimh. 3254/91 ón gComhairle, Rialachán (AE) 995/2010, Rialachán (AE) 2023/1115, Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle



PUBLIC

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin leis an *acquis* i réimsí na gceimiceán[75], an torainn[76] agus na cosanta sibhialta, agus tá sé léirithe aici go mbeidh sí go hiomlán ullamh a áirithiú go ndéanfar ceanglais an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar dháta an aontachais.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* aeráide an Aontais[77], agus tá sé léirithe aici go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme agus lena fhorfheidhmiú tráth an aontachais. Bunaíonn an Albáin creat láidir faireacháin agus tuairiscithe, i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide. Bhunaigh an Albáin straitéis fhadtéarmach atá ailínithe le sprioc aeráidneodrachta an Aontais do 2050.

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Albáin le *acquis* an Aontais i réimse na trádála astaíochtaí, go háirithe trí reachtaíocht a ghlacadh maidir le feidhmiú Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE)[78] agus na leasuithe a rinneadh air de réir a chéile. Go háirithe, tá áirithithe ag an Albáin go bhfuil an reachtaíocht ábhartha maidir le faireachán agus tuairisciú, creidiúnú agus fíorú agus faireachán, tuairisciú agus fíorú ón earnáil mhuirí faoi CTA AE ina raon feidhme iomlán i bhfeidhm agus curtha chun feidhme. D'ailínigh an Albáin a thuilleadh le Clárlann an Aontais, leithdháileadh saor in aisce, agus ceantáil. Áirithíonn an Albáin go bhfuil go leor dul chun cinn á dhéanamh aici chun go mbeidh sí in ann SCCT a chur chun feidhme tráth an aontachais.

- Tá sé léirithe ag an Albáin go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ag a comhlachtaí riaracháin ar gach leibhéal agus go bhfuil ardchaighdeán ionracais ag baint leo, lena n-áirítear seirbhísí cigireachta, tá sé léirithe aici go bhfuil sí ag cur feabhas breise ar chomhordú na hoibre agus go mbeidh gach struchtúr riaracháin iomchuí agus an oiliúint leordhóthanach i bhfeidhm in am trátha roimh an aontachas ionas go mbeifear in ann an *acquis* i ngach réimse den chaibidil seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

---

75 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, Rialachán (AE) 2024/2865, Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, Rialachán (AE) 2019/1021, Treoir 96/59/CE ón gComhairle

76 Treoir 2002/49/CE

77 Go háirithe an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, an Rialachán maidir le maidir le Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú Muirí, Dlí Aeráide an Aontais, Rialachán Rialachais agus *acquis* maidir le substaintí ídithe ózóin, gáis fhluairínithe, caighdeáin astaíochtaí CO2 ó fheithiclí, lipéadú gluaisteán, cáilíocht breosla, ÚTAÚTF, Gabháil agus Stóráil Carbóin, Deimhniú Aistrithe Carbóin, agus an Ciste Aeráide Sóisialta

78 i gcomhréir le Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí 2003/87/CE arna leasú

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i dtreis go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn aici ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir caibidlí an chnuasaigh atá faoi chaibidil anseo agus caibidlí caibidlíochta eile. Ní féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí sa chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Albáin faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme *acquis* an Aontais.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua de chuid an Aontais teacht chun bheith ann idir an 16 Meitheamh 2025 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC